

Tá Seirbhís Leabharlainne Shligigh mar chuid dá máthairchomhlacht, Comhairle Contae Shligigh. Nuair a úsáidfean an téarma *Leabharlanna Shligigh* feasta sna rialacháin a leagtar amach thíos, tagraíonn sé do Chomhairle Contae Shligigh chomh maith.

1. Ní mór go mbeidh úsáideoirí ar an eolas gur líonra neamhrialaithe faisnéise an Gréasán Domhanda, a chuireann rochtain ar fáil ar smaointe, faisnéis agus íomhánna.
2. Tá ar gach úsáideoir cloí le rialacháin úsáide agus um chur in áirithe Leabharlanna Shligigh. Féadfaidh úsáideoirí seisiún amháin a réamhchur in áirithe sa tseachtain. Féadfaidh úsáideoirí an tseirbhís a úsáid ar bhonn laethúil mura bhfuil aon chustaiméirí tar éis réamhchur in áirithe a dhéanamh ag an tráth atá i gceist.
3. Tá an ceart ar cosaint ag Leabharlanna Shligigh chun deireadh a chur le seisiún Idirlín ag aon tráth. Ar mhaithe le fáil phoiblí, glacann Leabharlanna Shligigh leis gurb ionann seisiún Idirlín agus seisiún ar fad 55 nóiméad. Le linn an mhodha ‘Leabharlann Oscailte’, iarrtar ort do Ríomhaire Pearsanta a chur ar tairiscint do chustaiméir atá ag fanacht má tá úsáid bainte as do ríomhaire féin ar feadh breis agus 55 nóiméad. Seo seirbhís phobalbhunaithe.
4. Ní ghlacann Leabharlanna Shligigh aon fhreagracht as díobháil, cailteanas nó costais a eascraíonn cibé acu go díreach nó go hindíreach ónár seirbhísí ríomhaire idirlín a úsáid.
5. Féadfaidh úsáideoirí clárú le haon seirbhísí seoladh ríomhphoist Gréasánbhunaithe. Ní mór d’úsáideoirí, áfach, gan ríomhphost neamhoiriúnach a sheoladh nó a fháil. Ní féidir le Leabharlanna Shligigh freagracht a ghlacadh as aon chumarsáid a fuarthas nó a seoladh ar ríomhphost pearsanta.
6. Tá dualgas ar thuismitheoirí/chaomhnóirí chun freagracht a ghlacadh as an úsáid a bhaineann a leanaí as an nGréasán. Ní mór go mbeidh foirm thoilithe atá sínithe ag tuismitheoir/chaomhnóir ag leanaí faoi 18 mbliana d’aois. Ní mór go mbeidh tuismitheoir i gcuideachta leanaí faoi 13 bliana d’aois ag gach tráth fad a úsáideann siad an Gréasán.
7. Ní cheadaítear ach úsáideoir amháin ar ríomhaire pearsanta amháin, ní cheadaítear ríomhairí pearsanta a roinnt.
8. Ní mór go mbeidh a gcárta Leabharlainne ag úsáideoirí chun áiseanna idirlín a úsáid. **Mura bhfuil Cárta Leabharlann Shligigh agat – Ní bheidh an tIdirlín ar Fáil** Le linn Uaireanta Oibre na Foirne, ní mór do chárta a thaispeáint ag an deasc, le linn na n-uaireanta ‘Leabharlann Oscailte’ nach mbíonn an fhoireann ag oibriú, teastaíonn do chárta chun rochtain a fháil ar an leabharlann. Ní mór do gach úsáideoir ríomhaire phearsanta síniú isteach sa logleabhar Idirlín atá suite ag Deasc na Foirne.
9. Déanfar gach ríomhaire pearsanta a scanadh ag eitraimh, i leith ábhar agus íomhánna neamhoiriúnacha, e.g., pornagrafaíocht. Déanfaidh bogearraí speisialta ar stáisiún oibre phoiblí sa Leabharlann monatóireacht ar aon fhéachaint nó íoslódáil a dhéantar ar íomhánna nó ar láithreáin neamhoiriúnacha. Cuirfidh Leabharlanna Shligigh na Gardaí ar an eolas má fhéachtar ar aon íomhánna mídhleathacha ar áiseanna Idirlín na Leabharlainne. Déanann srianta breise rialú ar áiseanna Idirlín na leanaí sa Leabharlann.
10. Tá bogearraí Deep Freeze i bhfeidhm ar gach ríomhaire pearsanta poiblí a scríosann aon fhaisnéis a shábháiltear go poiblí **ag am scoir gnó** a d’fhéadfadh bheith sábháilte ar an deasc le linn uaireanta oscailte. Cinntigh, le do thoil, má shábháil tú aon fhaisnéis phearsanta ar Thiomántán Crua an ríomhaire phearsanta; go scríosann tú í ag deireadh do sheisiúin.
11. Tá fáil ar áiseanna cló, ach gearrtar táille ar an tseirbhís seo. Iarr ar an bhFoireann an nós imeachta agus an struchtúr praghsála a thaispeáint duit sula ndéanann tú cló.
12. Ní féidir le húsáideoirí aon ábhar a chruthú, a rochtain, a chóipeáil, a stóráil, a tharchur, a íoslódáil nó a fhoilsiú:
 - Atá graosta, ciníoch, clúmhillteach nó in aghaidh an dlí.
 - A d’fhéadfadh bheith ina chúis le ciapadh nó maslú do dhaoine eile.
 - Arb ionann é agus sárú ar dhlíthe cóipchirt nó comhaontuithe ceadúnaithe.Chomh maith leis sin, ní féidir le húsáideoirí an méid a leanas a dhéanamh:
 - Stáisiún oibre na Leabharlainne a úsáid chun rochtain gan údarú a fháil ar líonraí nó ar chórais ríomhaire na Leabharlainne nó ar aon líonra nó córas Ríomhaire eile.
 - Cur isteach ar obair daoine eile trí mhéideanna móra d’acmhainní an chórais a úsáid nó trí aon chóras ríomhaire leabharlainne a thuairteáil d’aon turas.
 - Aon iarracht a dhéanamh chun díobháil a dhéanamh do threalamh nó do bhogearraí ríomhaire.
 - Aon iarracht a dhéanamh chun cumraíochtaí bogearraí a mhionathrú ar bhealach mailíseach.
 - Aon iarracht a dhéanamh chun bheith ina chúis le díghrádú fheidhmíocht an chórais.

- Aon stáisiún oibre na leabharlainne a úsáid ar mhaithe le cuspóir neamhdhleathach nó coiriúil.

13. Ba cheart d'úsáideoirí ar mian leo cinntí a achomharc a bhaineann leis an mbeartas agus na nósanna imeachta thuas amhlaidh a dhéanamh i scríbhinn leis an Leabharlannaí Contae.

Déan teagmháil le do leabharlann áitiúil chun faisnéis a fháil faoi na hamanna a bhíonn siad ar fáil.